



AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS  
DEPARTMENT OF JUSTICE AND EQUALITY

## Clár Infhostaitheachta, Cuimsithe agus Foghlama 2014-2020 Ciste Sóisialta na hEorpa

### Glaoch ar Thairiscintí

### Lánpháirtíú agus Fostú Imirceach Comhionannas Inscne

Tá Glaoch ar Thairiscintí fógartha ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag lorg iarratas ó eagraíochtaí cáilithe ar mhaoiniú tionscadail a bhaineann le **Lánpháirtíú agus Fostú Imirceach** agus Comhionannas Inscne faoi Chlár Chiste Sóisialta na hEorpa d'Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020.

Is é an aidhm atá leis na tionscadail dar teideal Lánpháirtíú agus Fostú Imirceach ná go mbeadh seans níos fearr ar fhostaíocht dá mbarr ag imircigh atá ina gcónaí go dleathach sa tír ach a bhfuil laicisí rannpháirtíochta agus fostaíochta orthu.

Tá maoiniú do na tionscadail ar **Chomhionannas Inscne** roinnte in dhá shnáithe:-

- Is é is aidhm le *Mná ag Filleadh ar an bhFórsa Saothair* ná cur le hinfhostaitheacht ban atá scoite amach ón margadh saothair.
- Tacú le fiontraíthe mná an aidhm atá le *Fiontraíocht i measc na mBan*.

Is féidir le Comhlachtaí Poiblí, Príobháideacha agus Deonacha iarratas a dhéanamh air. Ba cheart go mairfeadh tionscadail a mhaoinítear 1 bhliain amháin ar a laghad agus 3 bliana ar a mhéad (Comhionannas Inscne) agus 4 bliana ar a mhéad (Lánpháirtíú agus Fostú Imirceach).

Chun tuilleadh eolais agus sonraí a fháil ar an mbealach le hiarratas a dhéanamh, téigh chuig [www.eufunding.justice.ie](http://www.eufunding.justice.ie).

**12 meán lae, Déardaoin, an 3 Samhain 2016** an dáta deireanach a nglacfar le hiarratais ar mhaoiniú Lánpháirtíú agus Fostú Imirceach.

**12 meán lae, Dé Máirt, an 8 Samhain 2016** an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ar mhaoiniú Comhionannas Inscne.

#### Ní bhreithneofar iarratais a gheofar ina dhiaidh sin.

Tá an Glaoch seo ar Thairiscintí páirtmhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hÉireann mar chuid den Chlár ESF maidir le hInfhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020

Cláir na hÉireann um Chistí Struchtúrtha an AE, 2014-2020  
An tAontas Eorpach  
Ag Infheistiú i do Chiste Sóisialta Eorpach don am amach anseo



Ireland's EU Structural and  
Investment Funds Programmes  
2014 - 2020

Co-funded by the Irish Government  
and the European Union



**European Union**

Investing your future  
European Social Fund